

2019.M30T



2019L003A2IL



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2019

Matamaitic

Páipéar 2

Ardleibhéal

Dé Luain 10 Meitheamh – Maidin 9:30 go dtí 12:00

300 marc

Scrúduimhir						

Stampa an Ionaid



2019L003A2IL0128

Ná scríobh ar an leathanach seo

Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A	Coincheapa agus Scileanna	150 marc	6 cheist
Roinn B	Comhthéacsanna agus Feidhmeanna	150 marc	3 cheist

Freagair na naoi gceist go léir.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcás ngraif agus léaráidí amháin.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scriobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh na freagraí go léir sa fhreagarleabhar seo. Tá spás d'obair bhrefise ag cíl an leabhráin. Má bhaineann tú úsáid as, lipéadaigh aon obair brefise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Caillfidh tú marcanna mura bhfuil obair thacaíochta ábhartha san áireamh agat i do réitigh.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnlá d'áireamhá(i)n anseo

Freagair **na sé cheist go léir** as an roinn seo.

Ceist 1

(25 marc)

- (a) Tá 12 buachaill agus 8 gcailín i rang.

- (i) Roghnaítear beirt daltaí go randamach as an rang. Cad é an dóchúlacht gur buachaill agus cailín, in ord ar bith, a bheidh sa bheirt a roghnaítear?

- (ii) Roghnaítear ceathrar daltaí, duine i ndiaidh duine, go randamach as an rang.
Cad é an dóchúlacht gur buachaillí iad **an chéad triúr** daltaí a roghnófar agus gur cailín í an ceathrú dalta a roghnófar?

- (b)** Dhá roinn atá i scrúdpháipéar, Roinn A ina bhfuil 7 gceist agus Roinn B ina bhfuil 8 gceist. Tugtar an treoir seo a leanas sa scrúdpháipéar:


*"As Roinn A caithfidh tú ceist 1 a fhreagairt chomh maith le trí cheist eile ar bith.
As Roinn B caithfidh tú ceithre cheist ar bith a fhreagairt freisin."*

Faigh amach cé mhéad teaglaim éagsúil ceisteanna is féidir a fhreagairt má leanann dalta an treoir seo.




Ceist 2**(25 marc)**

- (a) Gearrann an líne p an x -ais ag $(a, 0)$ agus gearrann sí an y -ais ag $(0, b)$, áit a bhfuil $a, b \neq 0$. Taispeáin gur féidir cothromóid p a scríobh mar $\frac{x}{a} + \frac{y}{b} = 1$.



- (b) Tá fána m ag líne l , agus gabhann líne l an pointe $A(6, 0)$.


- (i) Scríobh cothromóid líne l i dtéarmaí m .




- (ii) Gearrann líne l líne k : $4x + 3y = 25$ ag P .
Faigh comhordanáidí P i dtéarmaí m .
Bíodh gach comhordanáid ina codán san fhoirm is simplí.

Ceist 3**(25 marc)**

- (a) Gabhann an ciорcal $(x - 2)^2 + (y - 3)^2 = 65$ an pointe $(-2, k)$.
Faigh an dá luach fhéideartha ar k , áit a bhfuil $k \in \mathbb{Z}$.




- (b) Tá ciорcal s sa chéad cheathrú. Teagmháíonn sé leis an x -ais agus leis an y -ais araon. Is tadhlaí le s í an líne $t: 3x - 4y + 6 = 0$, mar a thaispeántar. Faigh cothromóid s .




Ceist 4

(25 marc)

- (a)** Taispeáin go bhfuil $\cos 2\theta = 1 - 2 \sin^2 \theta$.




(b) Faigh comhshíneas na géaruilllinne idir dhá thrasnán de chuid ciúib.




Ceist 5

(25 marc)

- (a) Tóg agus **lipéadaigh** ingearlár an triantáin ABC sa léaráid thíos.
Taispeán go soiléir na línte tógála nó na stuanna tógála.




- (b) Sa láaráid thíos is é O lár chiorcal s . Tá $[AB]$ ina thrastomhas de s .
 Tá BE ina thadhláí le s ag pointe B .
 Is corda de chiorcal s é $[CD]$.
 $|CD| = \frac{1}{2}|AB|$ agus tá CD comhthreomhar le AB .
 Faigh $|\angle BEA|$ agus cosain do fhreagra.



Ceist 6

(25 marc)

- (a) Léirítear dhá theagmhas **neamhspleácha** F agus S sa léaráid Venn a thaispeántar thíos.
 $P(F \setminus S) = \frac{1}{4}$, $P(F \cap S) = \frac{1}{5}$, $P(S \setminus F) = x$, agus $P(F \cup S)' = y$, áit a bhfuil $x, y \neq 0$.
Faigh luach x agus luach y .



$$x =$$

$$y =$$




- (b) IgCumann áirithe níl ach páistí Gearmánacha, Éireannacha agus Spáinneacha.
Tá deichniúr páistí Spáinneacha ann.
Tá dhá oiread páistí Éireannacha ná páistí Gearmánacha ann.
Tá siad go léir ingrúpa agus iad ag feitheamh chun dul ar luascán.
Roghnofar páiste amháin go randamach mar an chéad pháiste ar an luascán agus ní rachaidh an páiste sin ar ais sa ghrúpa.
Ansin roghnofar páiste eile go randamach chun dul sa dara háit.
Is é $\frac{1}{6}$ an dóchúlacht gur Gearmánach é an chéad pháiste a roghnofar agus nach Gearmánach é an dara páiste a roghnofar.
Faigh líon na bpáistí atá sa chumann.

Freagair na trí cheist go léir as an roinn seo.


Ceist 7

(50 marc)

- (a) Taispeántar trach beathaithe eallaí i bhFíor 1. Tá trasghearradh aonfhoirmeach sa trach atá 2·5 m ar fad. Taispeántar tosach an trach (teascán ABC) i bhFíor 2.
- Is teascán de chiorcal, a bhfuil ga 90 cm aige, é tosach an trach.
- Tá airde an trach, $|DB|$, 30 cm ar airde.
- $|OA| = |OC| = |OB| = 90$ cm. $[OB] \perp [AC]$.



Fíor 2




Fíor 1


- (i) Faigh $|AD|$. Bíodh do fhreagra san fhoirm $a\sqrt{b}$ cm, áit a bhfuil $a, b \in \mathbb{Z}$.

--


- (ii) Faigh $|\angle DOA|$. Bíodh do fhreagra ina radiain, ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.



- (iii) Faigh achar an **teascáin ABC**. Bíodh do fhreagra **ina m²** ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.




- (iv) Faigh **toirt** an trach. Bíodh do fhreagra **ina m³**, ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.



Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.


- (b)** Taispeántar amadóir gainimh do chluichí sa léaráid.
Tá gach leath den amadóir comhdhéanta de leathsféar,
sorcóir atá 3·5 cm ar airde agus cón atá 1·5 cm ar airde.
Tá ga 1·25 cm ag na codanna go léir.

- (i)** Tá leath uachtarach an amadóra lán de ghaineamh.
Faigh toirt an ghainimh i leath uachtarach an amadóra.
Bíodh do fhreagra ina cm^3 ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.




- (ii) Sreabann gaineamh ó chuid uachtarach an amadóra isteach sa chuid íochtarach. De réir mar a shreabhnáidh sé fanann dromchlaí uachtaracha an dá chuid cothrom. Ag am áirithe, tá 98% den ghaineamh tar éis sreabhadh isteach i leath íochtarach an amadóra.

Faigh h , airde an ghainimh atá fágtha (sa chuid chónúil de chuid uachtarach an amadóra). Bíodh do fhreagra ina cm, ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.




Ceist 8**(45 marc)**

- (a) Bhailigh iris ghluaisteánaíochta sonraí maidir le carranna a bhí ar stráice bóthair áirithe. Taifeadadh mionsonraí áirithe maidir le 800 carr.
- (i) Taifeadadh aoiseanna an 800 carr. Carranna nua ab ea 174 díobh (níos lú ná 1 bliain d'aois.)
Faigh an t-eatramh muiníne 95% do chomhréir na gcarranna nua ar an mbóthar seo.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí 4 fhigiúr bhunúsacha.



- (ii) Tá dáileadh normalach ar na sonraí maidir le luasanna an 800 carr seo. Is é 87·3 km san uair an meánlugas agus is é 12 km san uair an diall caighdeánach. Cad é comhréir líon na gcarranna ar an stráice bóthair seo a mbeifeá ag súil le bheith ag taisteal ar luas os cionn 95 km san uair?



- (iii) Dúradh le tiománaí cairr go raibh 70% de na luasanna go léir a taifeadadh níos airde ná a luas siúd. Faigh an luas a taifeadadh don tiománaí seo.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an tslánuimhir is gaire.

- (b) (i) Cuireadh clár sábháilteachta bóithre ar bun sa cheantar inar úsáideadh póstaír, comharthaí agus fógraí radio. Indiaidh an chláir, thaifead an iris ghluaisteánaíochta luasanna 100 carr a bhí ar an mbóthar céanna. Rinne an iris triail hipitéise ag an leibhéal suntasachta 5%, chun a fháil amach an raibh an meánluas tar éis athrú. Bhí p -luach na trialach 0.024.
Cén tátal is féidir leis an iris a bhaint, bunaithe ar an p -luach seo?
Tabhair cúis le do fhreagra.

Tátal:

Cúis:


- (ii) Fuair an iris amach go raibh meánluas an **tsampla seo** níos íse ná an meánluas 87.3 km san uair a fuarthas an chéad uair.
Faigh meánluas na gcarranna sa sampla seo, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

Ceist 9

(55 marc)

Taispeánann an léaráid thíos paiste talún triantánach ΔSGH , le $|SH| = 58$ m, $|GH| = 30$ m, agus $|\angle GHS| = 68^\circ$.


Is ionad tuirlingthe héileacaptair é an ciornal. Is inchiorcal ΔSGH é agus tá lár P aige.




- (a) Faigh $|SG|$. Bíodh do fhreagra ina mhéadair, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

- (b) Faigh $|\angle HSG|$. Bíodh do fhreagra, ina chéimeanna, ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.


- (c) Faigh achar ΔSGH . Bíodh do fhreagra ina m^2 , ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.




- (d) (i) Faigh achar ΔHSP , i dtéarmaí r , áit arb é r ga an ionaid tuirlingthe héileacaptair.



- (ii) Taispeáin gur féidir achar ΔSGH , i dtéarmaí r , a scríobh mar $71.2r \text{ m}^2$.




- (iii) Faigh luach r . Bíodh do freagra ina mhéadair, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.



Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.

- (e) Is cuaille ceartingearach ag an bpointe S é $[ST]$.
Is é 14° uillinn airde bharr an chuaille ón bpointe P .
Faigh airde an chuaille.
Bíodh do fhreagra ina mhéadair, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.




Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhreise.

Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.




Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhrefise.

Lipéadaigh aon obair brefise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

A large rectangular grid of small squares, intended for handwriting practice. It consists of approximately 20 columns and 25 rows of squares, enclosed within a thick black border.


Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhrefise.

Lipéadaigh aon obair brefise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

A large rectangular grid of small squares, intended for children to practice their handwriting skills by writing the letters of the Irish alphabet in each square.

Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhrefise.

Lipéadaigh aon obair brefise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.



An Ardteistiméireacht 2019 – Ardleibhéal

Matamaitic – Páipéar 2

Dé Luain 10 Meitheamh
Maidin 9:30 go dtí 12:00



2019L003A2IL2828